*Uimhir* 14 *de* 2006

# AN tACHT FÁN ÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 14 *de* 2006

# AN tACHT FÁN ÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, 2006

*[An tiontú oifigiúil]*

RIAR NA nALT

Alt


1. Mínithe.
2. An lá bunaithe.
3. An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
4. Feidhmeanna an Údaráis.
5. Feidhmeanna de chuid an Údaráis a eisfhoinsiú.
6. Dualgas ginearálta an Údaráis.
7. Cláir um shábháilteacht ar bhóithre.
8. Faisnéis agus staidreamh maidir le sábháilteacht ar bhóithre.
9. Ordacháin ón Aire.
10. Feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás.
11. An tÚdarás do bhunú fochuideachtaí.
12. Rannpháirteachas i gcuideachtaí ag an Údarás.
13. An tÚdarás d'fháil iasachtaí.
14. Comhaltas Bhord an Údaráis agus téarma oifige na gcomhaltaí.
15. Cathaoirleach an Bhoird.
16. Cruinnithe agus nósanna imeachta an Bhoird.
17. Príomhoifigeach feidhmiúcháin.
18. Foireann.
19. Luach saothair foirne.
20. Aoisliúntas na foirne.

21. Sainchomhairleoirí a fhostú.

22. Comhaltas de Thithe an Oireachtais agus de Pharlaimint na hEorpa.

23. Comhaltaí an Bhoird do nochtadh leasanna.

24. Stiúrthóirí fochuideachta do nochtadh leasanna.

25. Comhaltaí foirne do nochtadh leasanna áirithe.

26. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise rúnda.

27. Airleacain ón Aire chuig an Údarás.

28. Comhaontú seirbhíse.

29. Cuntais an Údaráis.

30. Tuarascáil bhliantúil.

31. Áitreabh an Údaráis.

32. An tÚdarás do ghearradh muirear.

33. Séala an Údaráis.

34. Sócmhainní agus dliteanais a aistriú.

35. Conarthaí leanúnacha áirithe a choimeád ar marthain.

36. Cosaint do ghníomhartha áirithe.

37. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.

38. Dearbhuithe faoin gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Dícháiliú chun Tiomána.

39. Caiteachais.

40. Gearrtheideal.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 | 2001, Uimh. 19 |
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, Uimh. 33 |
| Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 | 1993, Uimh. 8 |
| An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 | 1997, Uimh. 2 |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 | 1997, Uimh. 13 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005 | |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 1997, Uimh. 20 |
| An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 | 1998, Uimh. 30 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 | 2003, Uimh. 29 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 | 2001, Uimh. 45 |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003 | |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 | 1961, Uimh. 24 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2002 | 2002, Uimh. 12 |
| Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2004 | |
| An tAcht um Iompar ar Bhóithre, 1986 | 1986, Uimh. 16 |
| An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 | 1994, Uimh. 5 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2005 | |

*Uimhir* 14 *de* 2006

# AN tACHT FÁN ÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR, SA GHAEILGE, AN tÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE NÓ, SA BHÉARLA, *THE ROAD SAFETY AUTHORITY*, DO MHÍNIÚ A FHEIDHMEANNA, DO LEASÚ ALT 9 DEN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE, 2002 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

[31 *Bealtaine* 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1**.—San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Mínithe.

ciallaíonn "Údarás" an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre arna bhunú faoi *alt 3*;

ciallaíonn "Bord" Bord an Údaráis;

ciallaíonn "príomhfheidhmeannach" príomhoifigeach feidhmiúcháin an Údaráis;

ciallaíonn "cuideachta" cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

ciallaíonn "seirbhís tástála tiománaithe" an chuid sin den Roinn Iompair a dhéanann feidhm an údaráis eisiúna faoi alt 33 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, agus na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú), 1999 (I.R. Uimh. 352 de 1999) a chomhall;

ciallaíonn "lá bunaithe" an lá a cheapfaidh an tAire faoi *alt 2* chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo;

tá le "údarás áitiúil" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn "Aire" an tAire Iompair;

ciallaíonn "fochuideachta" fochuideachta arna bunú faoi *alt 11*;

ciallaíonn "sochair aoisliúntais" pinsin, aiscí agus liúntais eile is iníoctha ar dhuine d'éirí as, do scor nó d'fháil bháis nó i leith duine d'éirí as, do scor nó d'fháil bháis.

An lá bunaithe.

**2**.—Féadfaidh an tAire le hordú lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

**3**.—(1) An lá bunaithe, tá arna bhunú comhlacht ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre nó, sa Bhéarla, *The Road Safety Authority*, agus dá ngairtear an tÚdarás san Acht seo.

(2) Beidh an tÚdarás ina chomhlacht corpraithe le comharbas suthain agus séala oifigiúil agus beidh cumhacht agartha aige agus féadfar é a agairt ina ainm corpraithe agus, le toiliú an Aire le comhaontú an Aire Airgeadais, beidh cumhacht aige talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Feidhmeanna an Údaráis.

**4**.—(1) Tá ag an Údarás cibé feidhmeanna i leith deimhnithe inniúlachta, deimhnithe tástála agus clárú teagascóirí tiomána a thugtar dó de réir na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2004.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú, cibé feidhmeanna de chuid an Aire faoi alt 2, 3, 4, 5, 7 nó 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002, nó alt 36(6), (7) nó (8) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, a bheidh sonraithe san ordú a thabhairt don Údarás, agus, dá réir sin, folaíonn tagairt don Aire i bhforáil a shonraítear amhlaidh nó a bhaineann léi, tagairt don Údarás.

(3) Gach feidhm de chuid an Aire a thugtar don Údarás, leanfaidh sí de bheith dílsithe don Aire, ach beidh sí dílsithe amhlaidh i gcomhthráth don Údarás agus don Aire ionas go mbeidh ceachtar acu in ann í a fheidhmiú nó a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh an tAire le hordú a cheangal ar an Údarás aon cheann nó gach ceann de na feidhmeanna seo a leanas a chomhall:

(*a*) cibé feidhmeanna comhairleacha, feidhmeannais, riaracháin agus eagrúcháin a shonrófar san ordú i leith ceadúnas tiomána agus ceadúnas sealadach (de réir bhrí an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961), caighdeáin a bhaineann le clárú, tógáil, trealmhú, úsáid, tástáil agus scrúdú feithiclí agus a gcomhpháirteanna agus páirteanna ionaid, lena n-áirítear caighdeáin le haghaidh cineálcheadú feithiclí nua agus comhpháirteanna nua feithiclí agus caighdeáin le haghaidh feithiclí atá in úsáid cheana féin, agus

(*b*) feasacht a chur chun cinn i measc an phobail maidir le sábháilteacht ar na bóithre agus maidir le bearta, lena n-áirítear oideachas a chur ar aghaidh, i ndáil le húsáid shábháilte bóithre a chur chun cinn, lena n-áirítear comhoibriú le húdaráis áitiúla agus le daoine eile ina leith sin.

(5) Féadfaidh an tAire, le hordú, an chumhacht a thabhairt don Údarás—

(*a*) chun oifigigh iompair a cheapadh chun críocha alt 15 den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1986, agus

(*b*) chun imeachtaí achoimre a thionscnamh agus a ionchúiseamh mar gheall ar chionta mar atá leagtha amach in alt 17, nó mar atá sonraithe ag an Aire le hordú faoi alt 18(1)(b), den Acht um Iompar ar Bhóithre, 1986.

(6) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Feidhmeanna de chuid an Údaráis a eisfhoinsiú.

**5**.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus le comhaontú an Aire Airgeadais, le comhaontú i scríbhinn arna dhéanamh le haon duine, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a bheidh sonraithe sa chomhaontú, foráil a dhéanamh maidir leis an duine sin do chomhlíonadh cibé feidhmeanna atá sannta don Údarás agus a bheidh sonraithe amhlaidh, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (más ann) a bheidh sonraithe amhlaidh.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh i gcomhaontú faoin alt seo, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, i ndáil leis na nithe seo a leanas go léir nó le haon cheann acu:

(*a*) na táillí (más ann) a bheidh le muirearú ag an duine a bheidh ag comhlíonadh feidhme de bhun an chomhaontaithe orthu siúd a gcomhlíonfar an fheidhm i ndáil leo nó ar an duine dar tugadh an fheidhm i dtosach;

(*b*) na híocaíochtaí (más ann) a bheidh le déanamh leis an duine dar tugadh an fheidhm i dtosach ag an duine a bheidh ag comhlíonadh na feidhme de bhun an chomhaontaithe; agus

(*c*) diúscairt aon táillí agus íocaíochtaí den sórt sin a dúradh.

(3) Oibreoidh comhaontú faoin alt seo, fad a leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm, chun an fheidhm a bheidh sonraithe sa chomhaontú a thabhairt agus a dhílsiú don duine lena mbaineann a mhéid, agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha, a bheidh sonraithe amhlaidh.

(4) Aon fheidhm a thabharfar do dhuine le comhaontú faoin alt seo, beidh sí inchomhlíonta ag an duine ina ainm nó ina hainm féin ach sin faoi réir mhaoirseacht ghinearálta agus rialú ginearálta an Údaráis.

(5) Aon fheidhm dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, leanfaidh sí, d'ainneoin an chomhaontaithe lena mbaineann, de bheith dílsithe don Údarás ach beidh sí dílsithe amhlaidh i gcomhthráth don duine dá dtabharfar í leis an gcomhaontú sin, agus ionas go mbeidh ceachtar de na daoine sin in ann í a chomhlíonadh.

(6) Má dhéantar feidhm de chuid an Údaráis a thabhairt do dhuine le comhaontú faoin alt seo, ní chuirfidh sé sin deireadh le freagracht an Údaráis, ná ní mhaolóidh sé freagracht an Údaráis, don Aire, maidir leis an bhfeidhm a chomhlíonadh.

Dualgas ginearálta an Údaráis.

**6**.—(1) Déanfaidh an tÚdarás—

(*a*) má iarrann an tAire air amhlaidh, cibé comhairle is cuí a thabhairt i leith aon fheidhme rialála nó aon fheidhme eile a dhílsítear don Aire faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2004, agus a bhaineann le feithiclí, le ceadúnú tiománaithe, le luasteorainneacha agus le rialú tráchta,

(*b*) má iarrann an tAire air amhlaidh, ionadaíocht don Stát i gcruinnithe le heagraíochtaí idirnáisiúnta nó le rialtais stát eile, nó i gcruinnithe arna socrú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ag rialtais stát eile, a mhéid a bhaineann na cruinnithe le nithe a mbaineann feidhmeanna an Údaráis leo,

(*c*) le linn a fheidhmeanna a chomhall, forbairt agus feabhsú caighdeán tiomána a chur chun cinn agus i ndáil le caighdeáin tiomána níos fearr a chur chun cinn, féadfaidh sé cibé moltaí is cuí leis an Údarás a dhéanamh leis an Aire, agus

(*d*) a ghnó a sheoladh gach tráth ar mhodh cost-éifeachtach agus éifeachtúil.

(2) Beidh ag an Údarás na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó a ghabhann lena gcomhlíonadh.

Cláir um shábháilteacht ar bhóithre.

**7**.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, i gceann cibé eatramh a chinnfidh an tAire, clár cuimsitheach beart (dá ngairtear “clár” san alt seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus go háirithe chun básanna agus díobhálacha tromchúiseacha de dheasca imbhuailtí tráchta bóthair a laghdú.

(2) Beidh ag gabháil le clár ráiteas maidir leis na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní eile ar gá, i dtuairim an Údaráis, do ghníomhaireacht Stáit iad a chaitheamh le linn na bearta atá sa chlár a chur i ngníomh.

(3) Le linn clár a ullmhú, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le gach gníomhaireacht Stáit atá freagrach as na bearta atá ann a chur i ngníomh.

(4) Féadfaidh an tAire clár a chuirfear faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú nó féadfaidh sé nó sí a iarraidh ar an Údarás cibé leasuithe a dhéanamh ar an gclár a shonróidh sé nó sí. Déanfaidh an tÚdarás de réir aon iarrata den sórt sin. Féadfaidh an tAire an clár leasaithe arna chur faoina bhráid nó faoina bráid athuair ag an Údarás a cheadú.

(5) Glacfaidh an tÚdarás páirt i cibé struchtúir agus i cibé ról maidir le formhaoirsiú ar chur i ngníomh cláir den sórt sin a chinnfidh an tAire.

(6) San alt seo, ciallaíonn “gníomhaireacht Stáit” an Garda Síochána, údarás áitiúil, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta nó cibé duine eile is cuí leis an Aire.

**8**.—(1) Féadfaidh an tAire a ordú don Údarás cibé faisnéis agus staidreamh a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus le feidhmeanna an Údaráis is cuí leis an Aire a bhailiú, a thiomsú, a ullmhú, a fhoilsiú nó a dháileadh ar cibé daoine is cuí leis an Aire (lena n-áirítear an tAire), chun críocha pleanála náisiúnta nó idirnáisiúnta, taighde agus forbartha beartais, maoirseachta agus tuairiscithe, agus féadfaidh an tAire aon ní a bhaineann le bailiú, tiomsú, ullmhú, foilsiú agus dáileadh na sonraí agus an staidrimh sin is cuí leis nó léi a shonrú.

Faisnéis agus staidreamh maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

(2) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás, agus féadfaidh sé nó sí dul i gcomhairle le haon duine eile is cuí leis nó léi, sula n-eiseoidh sé nó sí ordachán faoi *fho-alt (1)*.

(3) Chun bailiú faisnéise agus staidrimh faoi *fho-alt (1)* a éascú, féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar dhuine a bhfuil taifid maidir le sábháilteacht ar bhóithre nó maidir le nithe a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis á sealbhú aige nó aici an fhaisnéis agus an staidreamh sin a thabhairt don Údarás i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) agus ag cibé tráthanna nó eatraimh réasúnacha a shonróidh an tAire. Aon duine ar a ndíreofar ceanglas den sórt sin, déanfaidh sé nó sí de réir an cheanglais.

**9**.—(1) Féadfaidh an tAire ordacháin bheartais ghinearálta a thabhairt i scríbhinn don Údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an Údarás faoin Acht seo.

Ordacháin ón Aire.

(2) Déanfaidh an tÚdarás de réir aon ordacháin a thabharfar dó faoi *fho-alt (1)*.

(3) I gcás go dtabharfaidh an tAire ordachán faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) déanfar fógra i dtaobh an t-ordachán a thabhairt agus i dtaobh mhionsonraí an ordacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis é a thabhairt, agus

(*b*) foilseofar fógra i dtaobh an t-ordachán a thabhairt san Iris Oifigiúil laistigh de 28 lá tar éis é a thabhairt.

**10**.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, leis an Aire Airgeadais agus le haon Aire eile den Rialtas a bhfuil, i dtuairim an Aire, baint aige nó aici leis an ní, le hordú—

Feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás.

(*a*) cibé feidhmeanna breise a mbeidh baint acu le feidhmeanna an Údaráis de thuras na huaire nó leis na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a mbeidh údaraithe don Údarás de thuras na huaire iad a sholáthar nó a chomhall (lena n-áirítear feidhmeanna de chuid an Aire i ndáil le haon treoir, rialachán nó ionstraim eile a ghlac institiúid de chuid na gComhphobal Eorpach nó aon choinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil an Stát ina pháirtí ann, nó a dtagann an Stát chun bheith ina pháirtí ann, de réir mar is cuí leis an Aire), a thabhairt don Údarás, agus

(*b*) cibé foráil a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is fóirsteanach maidir le nithe atá coimhdeach le feidhmeanna faoin alt seo a thabhairt don Údarás nó leis an Údarás do chomhlíonadh feidhmeanna arna dtabhairt

amhlaidh nó maidir le nithe a eascraíonn as an gcéanna (lena n-áirítear foráil maidir le haon mhaoin a shealbhaíonn an tAire a aistriú chuig an Údarás chun críocha feidhmeanna a thugtar don Údarás faoin alt seo).

(2) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

An tÚdarás do bhunú fochuideachtaí.

**11**.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, ina aonar nó i dteannta duine eile, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus faoi réir aon choinníollacha ón Aire, foirmiú nó bunú fochuideachta a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh ann chun aon cheann de na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an tÚdarás rialú iomlán nó páirteach a fheidhmiú ar bhord stiúrthóirí fochuideachta, cibé ainm a thabharfar air, a rialaíonn nó a bhainistíonn an fhochuideachta.

(3) Beidh meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais fochuideachta i cibé foirm i gcomhréir leis an Acht seo a cheadóidh an tÚdarás le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(4) Déanfaidh fochuideachta cibé tuarascálacha a cheanglóidh an tÚdarás a thabhairt dó ar cibé modh a cheanglóidh sé.

(5) Féadfaidh fochuideachta dul i mbun comhfhiontar le daoine eile.

(6) Sealbhóidh príomhoifigeach oifig de réir, agus faoi réir, cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair) a cheadóidh an bord stiúrthóirí (nó an t-údarás eile, cibé ainm a thabharfar air, a rialaíonn aon chuideachta den sórt sin) le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(7) Féadfaidh an tAire ordachán i scríbhinn a thabhairt don Údarás maidir le haon ní a bhaineann le fochuideachta agus déanfaidh an tÚdarás, nó de réir mar is cuí, áiritheoidh sé go ndéanfar, an t-ordachán a chomhlíonadh.

(8) Ní thabharfar ordachán faoin alt seo i ndáil le haon sócmhainní nó barrachais de chuid fochuideachta a dhiúscairt gan toiliú an Aire Airgeadais.

(9) San alt seo, ciallaíonn "fochuideachta" fochuideachta (de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963) de chuid an Údaráis.

Rannpháirteachas i gcuideachtaí ag an Údarás.

**12**.—Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, scaireanna nó leasanna eile i gcuideachta a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus teacht chun bheith ina chomhalta de chuideachta.

An tÚdarás d'fháil iasachtaí.

**13**.—(1) Faoi réir thoiliú an Aire le comhaontú an Aire Airgeadais, féadfaidh an tÚdarás nó aon fhochuideachta, cibé acu trí

bhintiúir a eisiúint nó ar shlí eile, airgead (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) a fháil ar iasacht chun críoch caipitiúil, lena n-áirítear caipiteal oibre, ó dhaoine seachas an tAire Airgeadais.

(2) Féadfaidh an tÚdarás nó aon fhochuideachta airgead (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) a fháil ar iasacht go sealadach ach ní mó comhiomlán na n-iasachtaí sin aon tráth áirithe ná cibé méid a bheidh ceadaithe ag an Aire le comhaontú an Aire Airgeadais.

(3) Chun críocha an ailt seo, maidir le haon airgead a gheofar ar iasacht in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, measfar gur coibhéis é in airgeadra an Stáit don airgead a gheofar ar iasacht iarbhír, agus an choibhéis sin á ríomh de réir an ráta iomlaoide don airgeadra sin agus d'airgeadra an Stáit an tráth a gheofar an t-airgead ar iasacht.

Comhaltas Bhord an Údaráis agus téarma oifige na gcomhaltaí.

**14.**—(1) Beidh Bord an Údaráis ann.

(2) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird.

(3) Is é a bheidh sa Bhord cathaoirleach agus 6 ghnáthchomhalta ar a laghad agus 11 ghnáthchomhalta ar a mhéad.

(4) Beidh gach comhalta den Bhord ina dhuine nó ina duine a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí agus inniúlacht fhorleathan aige nó aici i ndáil le bóithre, le sábháilteacht ar bhóithre, le hiompar, le hoideachas agus scrúdú tiománaithe, le cúrsaí tionscail agus tráchtála, le rialtas áitiúil, le heagrú oibrithe nó le riarachán.

(5) Ní bheidh comhalta den Bhord in-athcheaptha má tá dhá théarma as a chéile curtha isteach aige nó aici mar chomhalta den Bhord.

(6) Déanfaidh an tAire, le linn gnáthchomhalta den Bhord a cheapadh, tréimhse comhaltais an chomhalta sin a shocrú ar tréimhse í nach faide ná 5 bliana agus, faoi réir an ailt seo, beidh an comhaltas ar cibé téarmaí a chinnfidh an tAire.

(7) Beidh cibé líon, de réir mar a chinnfidh an tAire, de chéad-ghnáthchomhaltaí an Bhoird, a cheapfar faoi *fho-alt (2)*, i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná 4 bliana ó dháta a gceaptha, de mar a chinnfidh an tAire trí chrannchur.

(8) Féadfaidh comhalta den Bhord, aon tráth, éirí as a chomhaltas nó a comhaltas trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta a gheobhaidh an tAire an litir.

(9) Íocfar le comhalta den Bhord as cistí a bheidh faoina réir ag an Údarás—

(*a*) cibé luach saothair (más ann) a shocróidh an tAire ó am go ham le comhaontú an Aire Airgeadais, agus

(*b*) cibé méideanna i leith caiteachas (más ann) a chinnfidh an tAire le comhaontú an Aire Airgeadais.

(10) Féadfaidh an tAire comhalta den Bhord a chur as comhaltas an Bhoird aon tráth, más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó gur

mhí-iompair sé nó sí é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó gur dealraitheach don Aire gur gá é nó í a chur as comhaltas chun go gcomhlíonfaidh an Bord a fheidhmeanna go héifeachtach.

(11) (*a*) Más rud é go bhfaighidh comhalta den Bhord bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta den Bhord ba chúis leis an gcorrfholúntas.

(*b*) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo, aon duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord de bhua *mhír (a),* beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas a gceapfar é nó í lena líonadh, agus beidh sé nó sí in-athcheaptha go ceann téarma breise chomhleanúnaigh amháin mar chomhalta den Bhord.

(*c*) Féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin folúntais i measc a chomhaltaí.

(12) Scoirfidh comhalta den Bhord d'oifig a shealbhú agus beidh sé nó sí dícháilithe chun oifig a shealbhú más rud é—

(*a*) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,

(*b*) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

(*c*) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó

(*d*) go ndícháileofar nó go srianfar é nó í ó bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta.

Cathaoirleach an Bhoird.

**15**.—(1) Ainmneoidh an tAire comhalta amháin den Bhord mar chathaoirleach.

(2) Is é 5 bliana téarma oifige chathaoirleach an Bhoird.

(3) I gcás go scoirfidh cathaoirleach an Bhoird, i rith a théarma oifige nó a téarma oifige mar chathaoirleach, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, scoirfidh sé nó sí ansin freisin de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mBord.

(4) Féadfaidh cathaoirleach an Bhoird aon tráth éirí as a oifig nó a hoifig mar chathaoirleach trí litir a sheolfar chuig an Aire, agus beidh éifeacht leis an éirí as, mura dtarraingeofar siar é roimhe sin i scríbhinn, nuair a thosóidh an cruinniú den Bhord is túisce a thionólfar tar éis don Aire an t-éirí as a chur in iúl don Bhord.

(5) Beidh cathaoirleach an Bhoird i seilbh oifige go dtí deireadh a thréimhse nó a tréimhse comhaltais den Bhord, mura túisce a éagfaidh sé nó sí, a éireoidh sé nó sí as oifig an chathaoirligh nó a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach faoi *fho-alt (3)* nó *(4)*.

Cruinnithe agus nósanna imeachta an Bhoird.

**16.**—(1) Tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Socróidh an tAire dáta, am agus ionad don chéad chruinniú den Bhord.

(3) Ag cruinniú den Bhord—

(*a*) is é nó is í cathaoirleach an Bhoird, más rud é go bhfuil sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, agus

(*b*) mura bhfuil, agus fad nach bhfuil, cathaoirleach an Bhoird i láthair nó más rud é go bhfuil oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Bhord atá i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(4) Ag cruinniú den Bhord, beidh vóta ag gach comhalta den Bhord atá i láthair agus cinnfear gach ceist le tromlach vótaí na gcomhaltaí atá i láthair agus a vótálann ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta agus vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(5) Féadfaidh an Bord gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a chomhaltaí.

(6) Faoi réir an Achta seo, rialálfaidh an Bord, le buanorduithe nó ar shlí eile, nós imeachta agus gnó an Bhoird.

(7) Socrófar córam an Bhoird leis na rialacha a dhéanfar faoin bhfo-alt sin roimhe seo, ach—

(*a*) ní bheidh sé níos lú ná 5, agus

(*b*) go dtí go socrófar amhlaidh é, 5 a bheidh ann.

Príomhoifigeach feidhmiúcháin.

**17.**—(1) Beidh príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an "príomhfheidhmeannach".

(2) Is é an Bord, faoi réir *fho-alt (3)*, a cheapfaidh an príomhfheidhmeannach le toiliú an Aire.

(3) I gcás go seolfar comórtas roimh an lá bunaithe chun príomhoifigeach feidhmiúcháin a cheapadh don Údarás, féadfaidh an tAire an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi a cheapadh mar phríomhfheidhmeannach ainmnithe ar an Údarás.

(4) Ní cheapfar duine ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás mura rud é go ndearna an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, tar éis di comórtas a sheoladh thar ceann an Aire nó an Údaráis, é nó í a roghnú lena cheapadh nó lena ceapadh ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás.

(5) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a thabharfar dó nó di leis an Acht seo nó faoin Acht seo nó a chinnfidh an Bord. Tabharfaidh sé nó sí comhairle don Bhord i ndáil le feidhmeanna an

Údaráis a chomhlíonadh, agus cuirfidh sé nó sí aon tograí cuí faoi bhráid an Bhoird maidir le haon ní a bhaineann le gníomhaíochtaí an Údaráis.

(6) Beidh an príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh agus as beartais an Bhoird a chur i bhfeidhm.

(7) Soláthróidh an príomhfheidhmeannach don Bhord cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a theastóidh ón mBord ó am go ham.

(8) Féadfaidh cibé comhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe ag an bpríomhfheidhmeannach cibé feidhmeanna de chuid an phríomhfheidhmeannaigh a bheidh sonraithe aige nó aici ó am go ham a chomhlíonadh le toiliú an Bhoird.

(9) Féadfaidh cibé comhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an mBord chun na críche sin feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh le linn don phríomhfheidhmeannach a bheith as láthair nó nuair a bheidh post an phríomhfheidhmeannaigh folamh.

(10) Sealbhóidh an príomhfheidhmeannach oifig de réir, agus faoi réir, cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus aoisliúntas) a chinnfidh an Bord le toiliú an Aire agus le comhaontú an Aire Airgeadais. Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire, an príomhfheidhmeannach a chur as a phost nó as a post aon tráth ar chúiseanna sonraithe.

(11) Maidir leis an duine a shealbhóidh post phríomhfheidhmeannach ainmnithe an Údaráis díreach roimh an lá bunaithe, tiocfaidh sé nó sí, an lá bunaithe, chun bheith ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach agus sealbhóidh sé nó sí an oifig sin go dtí cibé tráth a cheapfaidh an Bord príomhfheidhmeannach faoi *fho-alt (2)*.

(12) Ní bheidh an príomhfheidhmeannach ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord. Beidh sé de cheart aige nó aici, áfach, freastal ar chruinnithe den Bhord agus an Bord a aitheasc maidir le nithe a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh.

(13) Íocfaidh an tÚdarás leis an bpríomhfheidhmeannach, as airgead a bheidh faoina réir aige, cibé luach saothair agus cibé liúntais a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, i leith caiteachas a thabhóidh sé nó sí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

(14) Caithfidh an príomhfheidhmeannach a chuid nó a cuid ama go léir ar a dhualgais nó a dualgais mar phríomhfheidhmeannach agus ní shealbhóidh sé nó sí aon oifig ná post eile gan toiliú ón mBord.

(15) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach, aon uair a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna, air nó uirthi déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, leis an Acht seo, ar an Údarás a ullmhú,

(*b*) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca le húsáid a acmhainní,

(*c*) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas, agus

(*d*) aon ní a dhéanann difear don Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(16) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach ó am go ham, agus aon uair a iarrfar air nó uirthi amhlaidh, cuntas ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis a thabhairt do Choiste de Theach amháin den Oireachtas nó de dhá Theach an Oireachtais agus beidh aird aige nó aici ar aon mholtaí ón gCoiste sin a bheidh iomchuí maidir leis na feidhmeanna seo.

Foireann.

**18**.—(1) Aon duine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Roinne Iompair agus a bheidh ainmnithe ag an Aire chun bheith fostaithe san Údarás, aistreofar é nó í an lá ceaptha chuig foireann an Údaráis agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

(2) Féadfaidh an tAire le hordú lá a cheapadh chun bheith ina lá ceaptha chun críocha *fho-alt (1)*.

(3) Féadfaidh an tÚdarás cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis a chinnfidh sé ó am go ham le toiliú an Aire le comhaontú an Aire Airgeadais.

(4) Maidir le comhalta d'fhoireann an Údaráis—

(*a*) (seachas an príomhfheidhmeannach) íocfar leis nó léi, as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachas arna dtabhú aige nó aici a chinnfidh an Bord, le toiliú an Aire le comhaontú an Aire Airgeadais,

(*b*) dá dtagraítear i *mír (a),* sealbhóidh sé nó sí oifig nó fostaíocht de réir cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an Bord, le toiliú an Aire le comhaontú an Aire Airgeadais.

(5) Déanfaidh an Bord, na gráid d'fhoireann an Údaráis agus an líon foirne i ngach grád a chinneadh le toiliú an Aire le comhaontú an Aire Airgeadais.

(6) Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige a dheonóidh an Bord i ndáil le comhalta d'fhoireann an

Údaráis a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Roinne Iompair, ní lú fabhar dó nó di iad, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Údaráis, ná na téarmaí agus na coinníollacha a bhí i réim díreach roimh an lá bunaithe, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann aitheanta nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann.

(7) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon chomhlachais foirne aitheanta nó ceardchumainn aitheanta lena mbaineann, leanfaidh na scálaí pá a raibh teideal ag comhalta foirne dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* chucu agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (seachas téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige), na srianta, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh siad faoina réir díreach sular aistríodh iad, d'fheidhm a bheith acu maidir leo agus féadfaidh an Bord nó an príomhfheidhmeannach, de réir mar a bheidh, iad a chur chun feidhme nó a fhorchur fad a bheidh siad i seirbhís an Údaráis.

(8) I ndáil le foireann a aistreofar chuig an Údarás faoi *fho-alt (1)*, beidh seirbhís roimh ré sa státseirbhís nó seirbhís is ináirithe chun críocha aon sochar aoisliúntais is iníoctha ag an státseirbhís nó thar a ceann ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh eile sna hAchtanna sin—

(*a*) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003,

(*b*) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001,

(*c*) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003,

(*d*) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997,

(*e*) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005,

(*f*) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2005,

(*g*) an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994,

(*h*) an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, agus

(*i*) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001.

(9) Féadfaidh an tÚdarás aon fheidhm dá chuid a chomhlíonadh tríd an bpríomhfheidhmeannach nó trí aon chomhalta eile d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an mBord.

Luach saothair foirne.

**19.**—Gan dochar *d'alt 18*, déanfaidh an tÚdarás, le linn an luach saothair nó na liúntais i leith caiteachas a bheidh le híoc le comhaltaí dá fhoireann nó na téarmaí nó na coinníollacha eile ar faoina réir a shealbhaíonn nó a shealbhóidh na comhaltaí sin a bhfostaíocht a chinneadh, treoirlínte Rialtais nó treoirlínte a bheidh comhaontaithe ar bhonn náisiúnta agus a bheidh ar marthain de thuras na huaire nó beartas Rialtais maidir le luach saothair agus coinníollacha fostaíochta a bheidh ar marthain amhlaidh a chomhlíonadh agus, i dteannta an mhéid sin roimhe seo, comhlíonfaidh an tÚdarás aon

ordacháin maidir le luach saothair, liúntais, téarmaí nó coinníollacha den sórt sin a thabharfaidh an tAire le comhaontú an Aire Airgeadais.

Aoisliúntas na foirne.

**20**.—(1) Déanfaidh an tÚdarás scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí foirne is cuí leis, nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Le gach scéim den sórt sin, socrófar an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfar gach scéim den sórt sin a leasú nó a chúlghairm le scéim ina dhiaidh sin a ullmhófar, a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.

(4) Déanfaidh an tÚdarás aon scéim a chuirfear faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le comhaontú an Aire Airgeadais, a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(5) Má eascraíonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéime nó scéimeanna faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Ombudsman Pinsean agus is breith chríochnaitheach í breith an Ombudsman Pinsean.

(6) Ní dheonóidh an tÚdarás aon sochair aoisliúntais ná ní dhéanfaidh an tÚdarás socruithe eile chun sochar den sórt sin a chur ar fáil do chomhalta d'fhoireann an Údaráis, ar shlí seachas de réir scéime faoin alt seo, nó ar shlí eile a cheadóidh an tAire le comhaontú an Aire Airgeadais.

(7) Maidir le comhalta foirne dá dtagraítear in *alt 18(1)*, déanfar, le scéim faoin alt seo, socrú chun sochair aoisliúntais a dheonú dó nó di nó ina leith ar théarmaí agus ar choinníollacha, agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha, nach lú fabhar dó nó di ná na téarmaí agus na coinníollacha a bhí i bhfeidhm maidir leis nó léi díreach roimh an lá bunaithe i ndáil leis na sochair sin a dheonú.

(8) Más rud é, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh thosach feidhme scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le híoc le duine a aistríodh chuig foireann an Údaráis faoi *alt 18(1)*, nó i leith duine den sórt sin, déanfaidh an tÚdarás an sochar a ríomh de réir cibé scéim, nó cibé achtacháin i ndáil le haoisliúntas, ag a raibh feidhm maidir leis an duine díreach roimh an lá bunaithe nó cibé lá a shonróidh an tAire faoi *alt 18(1)* agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís inphinsin nó a seirbhís inphinsin leis an Údarás a chomhiomlánú lena sheirbhís inphinsin nó lena seirbhís inphinsin roimhe sin agus íocfaidh an tÚdarás an sochar aoisliúntais sin.

(9) Déanfaidh an tAire scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

Sainchomhairleoirí a fhostú.

**21**.—Féadfaidh an tÚdarás ó am go ham cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh sé is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus déanfaidh an tÚdarás aon luach saothair a bheidh dlite do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a fhostófar faoin alt seo a íoc as airgead a bheidh faoina réir aige, ag féachaint do threoirlínte arna n-eisiúint ó am go ham ag an Aire agus, i dteannta an mhéid sin roimhe seo, déanfaidh an tÚdarás de réir aon ordachán a thabharfaidh an tAire don Údarás maidir leis na sainchomhairleoirí nó na comhairleoirí sin.

Comhaltas de Thithe an Oireachtais agus de Pharlaimint na hEorpa.

**22**.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Bhord—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa,

(*c*) go measfar de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó

(*d*) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(2) Más rud é, maidir le duine a bheidh fostaithe ag an Údarás—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht óna fhostaíocht nó óna fostaíocht ag an Údarás agus ní íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Údarás, luach saothair ná liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Aon duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Bhord, nó d'fhoireann, an Údaráis.

(4) Beidh duine is comhalta d'údarás áitiúil dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(5) Ní dhéanfaidh an tÚdarás duine a bheadh dícháilithe thairis sin faoin alt seo chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Bhord nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis a fhostú nó a áirithiú ar shlí eile in aon cháil ach amháin le ceadú an Aire.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, forléireofar an fo-alt sin mar ní lena dtoirmisctear, i measc nithe eile, tréimhse a luaitear san fho-alt sin a ríomh mar sheirbhís leis an Údarás chun críocha aon sochar aoisliúntais.

Comhaltaí an Bhoird do nochtadh leasanna.

**23**.—(1) Aon chomhalta den Bhord—

(*a*) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chomhlacht nó in aon ghnóthais a bhfuil conradh déanta ag an Údarás leis nó leo, nó a mbeartaíonn an tÚdarás conradh a dhéanamh leis nó leo, nó

(*b*) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chonradh atá déanta ag an Údarás nó a bheartaíonn an tÚdarás a dhéanamh,

nochtfaidh sé nó sí don Bhord go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é, agus ní bheidh sé nó sí i láthair le linn don Bhord aon bhreithniú a dhéanamh nó aon bhreith a thabhairt a bhaineann leis an gconradh.

(2) Más rud é go n-eascróidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú de Bhord an Údaráis, eadhon—

(*a*) comhshocraíocht ar páirtí inti an tÚdarás nó comhshocraíocht den sórt sin atá beartaithe, nó

(*b*) conradh nó comhaontú eile leis an Údarás nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ansin, maidir le haon chomhalta den Bhord atá i láthair ag an gcruinniú agus a bhfuil leas aige nó aici ar aon slí, go díreach nó go neamhdhíreach, sa ní seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin den Bhord—

(i) nochtfaidh sé nó sí don Údarás ag an gcruinniú go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é,

(ii) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an Bord i ndáil leis an ní sin ach amháin a mhéid a cheadóidh cathaoirleach an chruinnithe ag a ndéantar an breithniú sin, agus

(iii) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(3) I gcás go nochtfar leas de bhun an ailt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag plé leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an comhalta a rinne an nochtadh ar an gcóram don chruinniú.

(4) I gcás go n-eascróidh ceist ag cruinniú den Bhord i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den Bhord, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach í

breith an chathaoirligh agus, i gcás go gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) I gcás gur deimhin leis an Aire gur mhainnigh comhalta den Bhord ceanglas de chuid *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh sé nó sí, más cuí leis nó léi, an comhalta sin den Bhord a chur as oifig nó cibé beart eile is cuí leis nó léi a dhéanamh agus, i gcás go gcuirfear duine as oifig de bhun an fho-ailt seo, beidh sé nó sí dícháilithe as sin amach chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó ina stiúrthóir ar fhochuideachta.

Stiúrthóirí fochuideachta do nochtadh leasanna.

**24**.—(1) Aon stiúrthóir fochuideachta—

(*a*) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chomhlacht nó in aon ghnóthais a bhfuil conradh déanta ag an bhfochuideachta leis nó leo, nó a mbeartaíonn an fhochuideachta conradh a dhéanamh leis nó leo, nó

(*b*) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chonradh atá déanta ag an Údarás nó a bheartaíonn an tÚdarás a dhéanamh,

nochtfaidh sé nó sí don fhochuideachta go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é, agus ní bheidh sé nó sí i láthair le linn don fhochuideachta aon bhreithniú a dhéanamh nó aon bhreith a thabhairt a bhaineann leis an gconradh.

(2) Más rud é go n-eascróidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú de stiúrthóirí fochuideachta, eadhon—

(*a*) comhshocraíocht ar páirtí inti an fhochuideachta nó comhshocraíocht den sórt sin atá beartaithe, nó

(*b*) conradh nó comhaontú eile leis an bhfochuideachta nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe, ansin maidir le haon stiúrthóir atá i láthair ag an gcruinniú agus a bhfuil leas aige nó aici ar aon slí, go díreach nó go neamhdhíreach, sa ní seachas ina cháil nó ina cáil mar stiúrthóir den sórt sin—

(i) nochtfaidh sé nó sí ag an gcruinniú go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é,

(ii) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh na stiúrthóirí i ndáil leis an ní sin ach amháin a mhéid a cheadóidh cathaoirleach an chruinnithe ag a ndéantar an breithniú sin, agus

(iii) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(3) I gcás go nochtfar leas faoin alt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann, agus fad a bheidh an cruinniú ag plé leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an comhalta a rinne an nochtadh ar an gcóram don chruinniú.

(4) I gcás go n-eascróidh ceist ag cruinniú de stiúrthóirí fochuideachta i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag stiúrthóir, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach

í breith an chathaoirligh agus, i gcás go gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) I gcás gur deimhin leis an mBord gur mhainnigh stiúrthóir fochuideachta ceanglas de chuid *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh an Bord, más cuí leis, an stiúrthóir sin a chur as oifig nó cibé beart eile is cuí leis a dhéanamh, agus, i gcás go gcuirfear duine as oifig de bhun an fho-ailt seo, beidh sé nó sí dícháilithe as sin amach chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó ina stiúrthóir ar fhochuideachta.

(6) Níl feidhm ag alt 194 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 maidir le stiúrthóir fochuideachta.

Comhaltaí foirne do nochtadh leasanna áirithe.

**25**.—(1) I gcás go mbeidh leas ag aon chomhalta d'fhoireann an Údaráis nó d'fhoireann fochuideachta nó ag sainchomhairleoir nó comhairleoir don Údarás nó d'fhochuideachta seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, in aon chonradh, comhaontú nó comhshocraíocht nó in aon chonradh, comhaontú nó comhshocraíocht atá beartaithe, ar páirtí ann nó inti an tÚdarás nó an fhochuideachta—

(*a*) nochtfaidh sé nó sí a leas agus cad é an leas é don Údarás nó don fhochuideachta, de réir mar a bheidh,

(*b*) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó na comhshocraíochta nó in aon bhreithniú a dhéanfaidh stiúrthóirí an Údaráis nó na fochuideachta nó comhaltaí d'fhoireann an Údaráis nó na fochuideachta i ndáil leis an gcéanna, agus

(*c*) ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an gcomhshocraíocht.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le conarthaí fostaíochta nó conarthaí beartaithe fostaíochta comhaltaí d'fhoireann an Údaráis leis an Údarás nó comhaltaí d'fhochuideachta leis an bhfochuideachta.

(3) I gcás go mainneoidh duine lena mbaineann *fo-alt (1)* ceanglas de chuid an fho-ailt sin a chomhlíonadh ansin déanfaidh—

(*a*) an Bord, i gcás gur comhalta d'fhoireann an Údaráis nó sainchomhairleoir nó comhairleoir don Údarás an duine, nó

(*b*) bord fochuideachta, i gcás gur comhalta d'fhoireann na fochuideachta nó sainchomhairleoir nó comhairleoir don fhochuideachta an duine,

breith a thabhairt i dtaobh cén beart (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) is cuí a dhéanamh.

Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise rúnda.

**26**.—(1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí, ní nochtfaidh duine faisnéis rúnda a gheobhaidh sé nó sí le linn dualgais a chomhlíonadh—

(*a*) mar chomhalta den Bhord nó mar chomhalta d'fhoireann an Údaráis, nó mar shainchomhairleoir nó comhairleoir don Údarás, nó

(*b*) mar stiúrthóir ar fhochuideachta nó mar chomhalta d'fhoireann fochuideachta, nó mar shainchomhairleoir nó comhairleoir d'fhochuideachta,

mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí déanamh amhlaidh ag an Údarás nó ag an bhfochuideachta, de réir mar a bheidh, nó ag comhalta d'fhoireann an Údaráis nó d'fhoireann na fochuideachta, de réir mar a bheidh, a bheidh údaraithe go cuí chuige sin.

(2) Measfar, chun críocha *fho-alt (1),* gur faisnéis rúnda faisnéis áirithe nó faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe, má luaitear ina leith gur faisnéis rúnda í, nó má thug an Bord nó oifigeach de chuid an Údaráis nó, de réir mar a bheidh, bord fochuideachta nó oifigeach de chuid fochuideachta ordú go bpléifí léi mar fhaisnéis rúnda.

(3) San alt seo, ciallaíonn "rúnda" rud a deirtear a bheith rúnda ó thaobh faisnéise áirithe nó ó thaobh faisnéise d'aicme nó de thuairisc áirithe.

(4) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion, agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 a chur air nó uirthi.

(5) Leasaítear an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, i ndeireadh Chuid 1:

(*a*) trí "*An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006*", a chur isteach i gcolún (2), agus

(*b*) trí "*Alt 26.*" a chur isteach i gcolún (3).

Airleacain ón Aire chuig an Údarás.

**27**.—(1) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suimeanna a chinnfidh an tAire a airleacan don Údarás, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, chun críocha caiteachais ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(2) Ní dhéanfar na suimeanna a bheidh le hairleacan faoi *fho-alt (1)* a chaitheamh ach amháin chun críocha na bhfeidhmeanna a thugtar don Údarás leis an Acht seo agus chun na feidhmeanna sin a fheidhmiú nó in imthosca áirithe a bheidh faoi réir ordacháin Aireachta.

Comhaontú seirbhíse.

**28**.—(1) Déanfaidh an tAire comhaontú leis an Údarás ó am go ham ("comhaontú seirbhíse") go ndéanfar, de réir *alt 4* agus *alt 6*, tascanna áirithe a chomhall, comhairle áirithe a thabhairt, feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh nó go gcloífear le caighdeáin áirithe le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail, agus féadfar cibé nithe forlíontacha eile a chinnfidh an tAire agus an tÚdarás a chuimsiú sa chomhaontú sin.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, gan dochar *d'alt 4*, a fheidhmeanna a chomhall de réir aon chomhaontaithe seirbhíse den sórt sin.

(3) I gcás go mbeifear tagtha ar chomhaontú seirbhíse, is coinníoll a ghabhfaidh le hairleacan cistí faoi *alt 27* go bhféachfaidh an tÚdarás gach tráth le téarmaí an chomhaontaithe a chomhlíonadh.

(4) I gcás gur fhéach an tAire le comhaontú seirbhíse a dhéanamh leis an Údarás, ach nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú den sórt sin, féadfaidh an tAire treoir a thabhairt don Údarás glacadh le comhaontú seirbhíse ar cibé téarmaí a chinnfidh sé nó sí.

(5) Gan dochar *d'fho-alt (2)*, féadfaidh téarmaí agus coinníollacha i ndáil le nithe cuntasaíochta, praghsáil táirgí agus gnóthú costas a bheith i gcomhaontú seirbhíse.

(6) Ní chuirfear iallach ar an Údarás, mar ghnáthnós, aon airgead a bheidh ar láimh aige i ndeireadh bliana airgeadais a ghéilleadh don Státchiste agus féadfaidh sé an t-airgead sin a choimeád chun a chuid oibríochtaí a mhaoiniú ach féadfaidh an tAire a cheangal ar an Údarás díbhinn de mhéid a chinnfidh sé nó sí a íoc leis an Státchiste.

**29**.—(1) Cuirfidh an príomhfheidhmeannach faoi deara go gcoimeádfar, ar bhonn leanúnach, na leabhair nó na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách— Cuntais an Údaráis.

(*a*) ar ioncam agus caiteachas uile an Údaráis,

(*b*) ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus

(*c*) ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais an Údaráis,

agus coimeádfaidh sé nó sí na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire ó am go ham.

(2) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach cuntais an Údaráis do gach bliain airgeadais a ullmhú agus ceadóidh an Bord iad, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad, lena gcur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

(3) Déanfar cóip de na cuntais dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* agus de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu a thíolacadh, a luaithe is indéanta, don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(4) Déanfaidh an tÚdarás, má cheanglaíonn an tAire amhlaidh, cibé faisnéis a cheanglóidh sé nó sí a thabhairt dó nó di i leith aon chláir comhardaithe, cuntais nó tuarascála de chuid an Údaráis nó i ndáil le beartas agus oibríochtaí an Údaráis, seachas oibríochtaí ó lá go lá.

(5) Is í an tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig in aon bhliain bliain airgeadais an Údaráis agus, chun críocha an ailt seo, meastar gur bliain airgeadais an tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch an 31 Nollaig sa bhliain sin.

(6) Déanfaidh an tÚdarás meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm, i leith cibé tréimhsí, agus ag cibé tráthanna a cheanglóidh sé nó sí agus tabharfaidh an tÚdarás don Aire aon fhaisnéis a cheanglóidh sé nó sí i ndáil leis na meastacháin sin.

(7) Aon uair a iarrfaidh an tAire amhlaidh, ceadóidh an tÚdarás, an príomhfheidhmeannach agus na hoifigigh eile de chuid an Údaráis d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire leabhair nó taifid chuntais eile an Údaráis a scrúdú i leith aon bhliana airgeadais nó tréimhse

eile agus éascóidh siad aon scrúdú den sórt sin, agus íocfaidh an tÚdarás cibé táille a shocróidh an tAire.

Tuarascáil bhliantúil.

**30**.—(1) A luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an Údaráis, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí dá éis sin, tabharfaidh an tÚdarás tuarascáil i dtaobh a ghníomhaíochtaí i rith na bliana sin don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Beidh i ngach tuarascáil faoi *fho-alt (1)* faisnéis i cibé foirm agus maidir le cibé nithe a ordóidh an tAire.

Áitreabh an Údaráis.

**31**.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, chun áitreabh a sholáthar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go cuí—

(*a*) aon talamh a cheannach nó a thógáil ar léas,

(*b*) oifigí agus áitreabh a fhoirgniú, a threalmhú agus a chothabháil.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, aon talamh, oifigí nó áitreabh a bheidh ar seilbh aige, agus nach mbeidh ag teastáil a thuilleadh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go cuí, a dhíol nó a léasú.

An tÚdarás do ghearradh muirear.

**32**.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, cibé muirir is dóigh leis is gá agus is cuí a ghearradh i gcomaoin—

(*a*) an tÚdarás do chomhlíonadh a fheidhmeanna,

(*b*) an tÚdarás do sholáthar aon seirbhíse,

(*c*) an tÚdarás do sheoladh aon ghníomhaíochtaí.

(2) Faoi théarmaí comhaontaithe seirbhíse leis an Údarás, féadfaidh an tAire comhaontú go n-athróidh an tÚdarás a mhuirir i gcomhréir le múnla airgeadais a shonrófar sa chomhaontú seirbhíse.

(3) Féadfaidh an tÚdarás aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul dó faoi *fho-alt (1)* a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ó aon duine ag a mbeidh sé iníoctha.

Séala an Údaráis.

**33**.—(1) Soláthróidh an tÚdarás séala dó féin a luaithe is féidir tar éis a bhunaithe.

(2) Déanfar séala an Údaráis a fhíordheimhniú le síniú chathaoirleach an Bhoird nó le síniú comhalta eile den Bhord nó síniú oifigigh don Údarás a bheidh údaraithe ag an mBord chun gníomhú ar an tslí sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus gach doiciméad a airbheartaíonn gur ionstraim é a rinne an tÚdarás agus a bheith séalaithe le séala Údaráis (a airbheartaíonn a bheith fíordheimhnithe de réir *fho-alt (2)*), glacfar i bhfianaise é agus measfar gur ionstraim den sórt sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura suífear a mhalairt.

Sócmhainní agus dliteanais a aistriú.

**34**.—(1) An lá bunaithe, déanfar agus déantar na nithe seo a leanas a aistriú chuig an Údarás—

(*a*) an mhaoin go léir agus na cearta go léir a bhaineann leis an maoin sin a bheidh, díreach roimh an lá sin, ar seilbh nó ar teachtadh ag an Aire i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás, agus

(*b*) na dliteanais go léir a bheidh tabhaithe roimh an lá sin ag an Aire i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás agus nach raibh urscaoilte roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise—

(i) dílseoidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, an lá sin, don Údarás ar feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir, de réir mar a bheidh, dá raibh sí díreach roimh an lá sin, dílsithe amhlaidh don Aire i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoin agus a bheidh ar marthain agus is inchomhlíonta,

(ii) beidh na cearta sin, amhail ar an agus ón lá sin, ar teachtadh ag an Údarás, agus

(iii) beidh na dliteanais sin, amhail ar an agus ón lá sin, ina ndliteanais de chuid an Údaráis.

(2) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear chuig an Údarás leis an alt seo, féadfaidh an tÚdarás, an lá bunaithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú i gcoinne an Údaráis, ina ainm féin agus ní gá don Údarás fógra i dtaobh an aistrithe a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an alt seo.

(3) I gcás go ndéantar aon fheidhm de chuid an Aire, a oibríonn duine eile faoi chonradh, a aistriú chuig an Údarás, oibreoidh an conradh amhail is dá mba é an tÚdarás an tAire.

Conarthaí leanúnacha áirithe a choimeád ar marthain.

**35**.—Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de chineál leanúnach a bheidh déanta nó tugtha ag an Aire nó thar ceann an Aire i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás d'aon duine nó a bheidh tugtha ag aon duine don Aire agus glactha ag an Aire nó thar ceann an Aire i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás agus gach conradh nó comhaontú a bheidh déanta idir an tAire i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid nó dá cuid a bheidh ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, agus aon duine eile agus a bheidh i bhfeidhm ach nach mbeidh forghníomhaithe agus críochnaithe go hiomlán díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh sé nó sí de bheith i bhfeidhm ar an lá sin nó dá éis agus forléireofar é nó í agus beidh éifeacht leis nó léi amhail is dá gcuirfí ainm an Údaráis sa chéanna in ionad ainm an Aire i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás nó, de réir mar is cuí, in ionad ainm an iontaobhaí

nó an ghníomhaire sin dá chuid nó dá cuid, agus beidh sé nó sí infhorfheidhmithe ag an Údarás nó ina choinne.

Cosaint do ghníomhartha áirithe.

**36**.—Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo difear do bhailíocht aon ghnímh a rinne an tAire nó a rinneadh thar ceann an Aire, roimh an lá bunaithe, i leith na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás agus beidh éifeacht le gach gníomh den sórt sin an lá sin agus dá éis, más rud é go raibh sé i bhfeidhm agus a mhéid a bhí sé i bhfeidhm díreach roimh an lá sin, amhail is dá mba é an tÚdarás a rinne é nó dá mba thar a cheann a rinneadh é.

Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.

**37**.—Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh in aon chúirt nó binse agus gur páirtí sna himeachtaí an tAire, ag gníomhú dó nó di thar ceann na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás, cuirfear ainm an Údaráis ann in ionad ainm an Aire, ag gníomhú dó nó di thar ceann na seirbhíse tástála tiománaithe nó aon fheidhme eile a aistrítear chuig an Údarás, agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an ionadú sin.

Dearbhuithe faoin gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Dícháiliú chun Tiomána.

**38**.—Leasaítear alt 9(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

“(*a*) mar gheall ar chion sonraithe a bheith déanta—

(i) tar éis don Choinbhinsiún teacht i bhfeidhm, nó

(ii) tar éis an dáta a bheidh an Coinbhinsiún tagtha chun bheith inchurtha chun feidhme idir an Stát agus Ballstát eile trí dhearbhú faoi Airteagal 15.4 den Choinbhinsiún,

i mBallstát eile (‘an Stát ina ndearnadh an cion’) ag duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, go bhforchuirfear dícháiliú chun tiomána ar an duine go ceann tréimhse ar bith sa Stát ina ndearnadh an cion, agus”.

Caiteachais.

**39**.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal.

**40**.—Féadfar an tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€3.81

ISBN 978-1-4064-6156-5

9 781406 461565

Wt. —. 50. 9/18. Essentra. (64521). Gr.30-15.